# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 40

## An Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas sin, tá an cuntas a ghabhann leis seo ullmhaithe agam ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Leanaí, Míchumais & Comhionannais, le haghaidh seirbhísí áirithe a riarann an Oifig sin agus le haghaidh íocaíocht deontas.

Cuirtear an t-olltoradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2024, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €122.972 milliún faoi dhliteanas le tabhairt suas don Státchiste.

Tá an ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

***Aistriú feidhmeanna***

Ar an 1 Eanáir 2024, aistríodh an fhreagracht as seirbhísí chun tacú le híospartaigh foréigin teaghlaigh, foréigin gnéis agus foréigin inscnebhunaithe mar a shonraítear i mBille Ghníomhaireacht um íospartaigh foréigin teaghlaigh, gnéis agus inscnebhunaithe 2023 chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce.

Ar an 1 Bealtaine 2025, i ndiaidh na tréimhse reatha tuairiscithe, aistríodh feidhmeanna a bhaineann le lánpháirtíocht Dídeanaithe agus Imirceach agus bainistiú cistí gaolmhara, chomh maith le seirbhísí cóiríochta d'iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus Úcránaigh chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce. Ar an dáta céanna, aistríodh feidhmeanna agus dualgais a bhaineann le hÓige chuig an Roinn Oideachais agus Óige. Ón 2 Bealtaine 2025 amach, an t-ainm nua atá ar an Roinn ná an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais.

***Éileamh maidir le h-imirce***

In 2024, lean an t-éileamh leanúnach ar chóiríocht agus ar sheirbhísí d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus do Thairbhithe na hÚcráine de Chosaint Shealadach araon de thionchar a imirt ar an Roinn.

Seirbhís faoi stiúir an éilimh is ea Seirbhísí Cóiríochta Idirnáisiúnta um Chosaint (IPAS) agus tá méadú ag teacht ar na ceanglais maidir le cóiríocht agus seirbhísí de réir mar a thagann méadú ar líon na n-iarratas nua ar chosaint idirnáisiúnta. Faoi dheireadh 2024, bhí 32,700 duine i gcóiríocht a chuir IPAS ar fáil. Chun críocha comparáide, tháinig méadú ar na huimhreacha a fuair cóiríocht ó 7,200 i mí na Nollag 2021 go 26,300 faoi mhí na Nollag 2023. Fuarthas meastachán forlíontach i dtreo dheireadh 2024 chun olltoradh cóiríochta na Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta de €1.01 billiún laistigh d'fho-cheannteideal E.4. a chomhlíonadh.

Lean an t-éileamh ar chóiríocht éigeandála agus ar thacaíocht do Thairbhithe na hÚcráine de Chosaint Shealadach de bheith ann, áfach, ar leibhéil a bhí laghdaithe go mór. Ag deireadh 2024 bhí thart ar 29,000 Tairbhí de Chosaint Shealadach i gcóiríocht a fhaigheann tacaíocht ó DCEDIY, i gcomparáid le beagnach 59,000 ag tús na bliana. Laghdaíodh leithdháileadh cóiríochta 2024 na hÚcráine go €1.14 billiún mar chuid den phróiseas meastacháin forlíontach, agus ba é €1.09 billiún an t-olltoradh in aghaidh an leithdháilte sin laistigh d'fho-cheannteideal E.5.

## Ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag An Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gCiorclán 20 de 2024, agus na hathchóirithe tuairiscithe airgeadais a tugadh isteach i gCiorclán 23 de 2023, cuireadh i bhfeidhm iad agus an cuntas á ullmhú, cé is moite den mhéid seo a leanas.

Mar chuid den aistriú chuig Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS), tá maolú faighte ag an Roinn maidir leis na ceanglais seo a leanas de CGAS 17, Maoin, gléasra agus trealamh:

- Aithníodh sócmhainní maoine atá liostaithe in Aguisín A a chuimsíonn talamh ag Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh sna ráitis airgeadais, d'ainneoin a bhfuil sonraithe in CGAS 17:14.
- Níor ath-luacháladh maoin (talamh agus foirgnimh) a aithníodh ar a costas, agus a bhfuil glanluach reatha de réir na leabhar €53.4 milliún aici, go fóill de réir mar a éilítear in CGAS 17:42A agus 17:44.

Tá pleananna i bhfeidhm chun luacháil sócmhainní maoine de réir aicme a chur i gcrích agus na maoine sin a aithint sna ráitis airgeadais chun comhlíonadh iomlán CGAS 17 a bhaint amach.

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Ríomhtar dímheas ar mhaoin, gléasra agus trealamh agus ar amúchadh sócmhainní doláimhsithe agus déantar iad a mhuirearú de réir CGAS 17 and CGAS 31 faoi seach.

Chun críocha cuntasaíochta, is iad seo a leanas saolréanna úsáideacha agus rátaí gaolmhara na móraicmí maoine, gléasra agus trealaimh:

| *Aicme sócmhainne* | *Saol úsáideach* | *Ráta dímheasa/amúchta* |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 50 blianta | 2% |
| Tithíochta Mearthógála | 35 blianta | 3% |
| Aonaid Mhodúlacha | 25 blianta | 4% |
| Troscán agus Feistis | 10 blianta | 10% |
| Trealamh Oifige agus TF | 5 blianta | 20% |
| Bogearraí | 5 blianta | 20% |

***Íocaíochtaí le Pobal***

Tugadh cistí ar airleacan do Phobal maidir le soláthar seirbhísí áirithe ar bhonn gníomhaireachta. Tugann Pobal cistí nach bhfuil ag teastáil (m.sh. mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a ceapadh) ar ais don Roinn. Gearrtar an glanmhéid a tugadh ar airleacan do Phobal sa bhliain in aghaidh na bhfo-cheannteideal ábhartha vótaí sa bhliain (féach nóta 6.1).

## Ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach

***Freagracht as an gcóras um rialú airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú airgeadais inmheánach á choimeád agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí.

Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil don Roinn ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais na gcomhaontuithe leibhéal seirbhíse don Roinn seo maidir le seirbhísí comhroinnte TFC a sholáthar, agus don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte AD agus párolla. Chomhlíon mé freisin mo chuid freagrachtaí faoi nósanna imeachta airgeadais poiblí maidir leis na seirbhísí TF a sholáthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce maidir le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

Braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo. Tá litir dhearbhaithe ag Stiúrthóir Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh freisin ó Cheannasaí Bainistíochta Faisnéise agus Teicneolaíochta sa Roinn Dlí, Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce maidir le soláthar seirbhísí TFC.

***Seirbhísí gníomhaireachta***

Sa bhliain 2024, riar Pobal roinnt clár thar ceann na Roinne thar réimse clár luathbhlianta agus clár a bhaineann leis an óige, chomh maith le seirbhísí áirithe eile a sholáthar thar a ceann. Tugadh glanmhaoiniú de €1.157 billiún ar airleacan do Phobal maidir leis sin (nóta 6.1).

Tá an caidreamh idir an Roinn agus Pobal á rialú ag comhaontú uileghabhálach leibhéal seirbhíse atá mar thuiscint ghinearálta ar chuspóir, comhthéacs, cuspóirí, téarmaí agus coinníollacha an chaidrimh idir an dá pháirtí.

Rinne Indecon Economic Consultants athbhreithniú neamhspleách ar an tsamhail oibriúcháin um Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (ELC) agus um Chúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) in 2021. Tháinig an t-athbhreithniú, a foilsíodh ar an 29 Márta 2022, ar an gconclúid gurbh í gníomhaireacht Stáit thiomnaithe nua faoi shainchúram an Aire Leanaí, Comhionannais & Míchumais (an tAire) an tsamhail oibriúcháin is fearr don earnáil ELC agus SAC do na blianta amach romhainn. Dhéanfadh an ghníomhaireacht sin na feidhmeanna atá á ndéanamh faoi láthair ag Pobal Luathbhlianta (lena n-áirítear Tús Níos Fearr), na 30 Coiste Cathrach/Contae (CCC) i gCúram Leanaí, chomh maith leis na feidhmeanna oibríochtúla a dhéanann an Roinn.

Tar éis fhoilsiú an athbhreithnithe, chuir an Roinn tús le céim phleanála deartha agus cur chun feidhme den tionscadal athchóirithe sin. I mí na Nollag 2023, rinne an Roinn conradh le Indecon Economic Consultants chun céim thaighde, anailíse agus rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi dhearadh ghníomhaireacht thiomnaithe fhoghlaim agus chúram na luath-óige. Áireofar leis sin measúnú maidir leis na feidhmeanna a bheidh le déanamh ag an ngníomhaireacht. Táthar ag súil go dtabharfar an chéim seo chun críche go déanach in 2025 nuair a chuirfear tuarascáil chomhdhlúite ar dhearadh na gníomhaireachta ar fáil. Tá cleachtadh costála mionsonraithe ar siúl freisin agus tá sé beartaithe é a thabhairt chun críche go déanach in 2025. Beidh dearadh gníomhaireachta costáilte mar thoradh ar an obair, lena n-áirítear an sainchúram, an struchtúr eagrúcháin agus an tsamhail seachadta seirbhíse, a chuirfear faoi bhráid an Rialtais lena cheadú.

Bunaíodh Bord Comhairleach Cláir chun maoirseacht a dhéanamh ar an obair thábhachtach sin, agus tá sé comhdhéanta d’ionadaithe idir-rannacha in éineacht le roinnt saineolaithe seachtracha a bhfuil taithí acu ar an leibhéal sinsearach ar bhainistiú athruithe agus athchóiriú mórscála, ceannaireacht, rialachas, beartas poiblí, agus eolas ar earnáil ELC agus SAC.

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

- Sanntar freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo fhreagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Síníonn bainistíocht shinsearach na Roinne ráitis dearbhaithe rialaithe airgeadais maidir lena réimsí freagrachta aonair. Tá na ráitis sin ar fáil domsa mar Oifigeach Cuntasaíochta agus an cuntas leithreasa á thabhairt chun críche.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Go bhfeidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí ann agus tá disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí agus go n-oibríonn sí de réir cairt scríofa atá faofa ag an Oifigeach Cuntasaíochta. Tá obair na feidhme bunaithe ar anailís ar na rioscaí a nochtar don Roinn. Tá a pleananna iniúchta bhliantúil, atá ceadaithe agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Chomh maith leis sin, sa bhliain 2024, d'ainmnigh an tAire an tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach agus Iniúchóireacht an AE ina údarás iniúchóireachta do Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) an AE.

Ar bhonn tréimhsiúil, buailim le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus le Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta freisin. Déanann Bord Bainistíochta na Roinne miontuairiscí agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta a mheas.

Is cuntasóir gairmiúil í Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus bhí líon foirne de bheirt chuntasóirí gairmiúla, oifigeach feidhmiúcháin níos airde agus oifigeach feidhmiúcháin aici. Chomh maith leis an bhfoireann bhuan, tacaíonn seirbhísí iniúchóireachta a sholáthraíonn conraitheoir seachtrach leis an bhfeidhm iniúchóireachta.

Déantar iniúchtaí ar chaighdeáin na Roinne Caiteachais Phoiblí, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha (CIIA). Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Bhí an fheidhm faoi réir athbhreithniú cáilíochta seachtrach i mí Feabhra 2020 ag an CIIA agus ba é an chonclúid gur bhain sé "ardleibhéal comhlíonta ginearálta leis na caighdeáin" amach.

D'fhormheas mise an plean iniúchóireachta inmheánaí do 2024 i mí an Mheithimh 2024. Le linn 2024, eisíodh naoi dtuarascáil i ndiaidh iniúchóireacht inmheánach. Ní dhearnadh tuairim iniúchóireachta 'gan dearbhú' aon uair. Rinneadh tuairim iniúchóireachta 'dearbhú teoranta' ceithre huaire.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéantar tuarascálacha agus moltaí na feidhme iniúchta inmheánaigh a shaothrú go hiomchuí.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á mbronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chuir an Roinn mionsonraí ar fáil don Roinne Caiteachais Phoiblí, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin maidir le 22 chonradh neamhiomaíocha de bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh) sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de 22 chonradh os cionn €25,000 (gan CBL san áireamh) arbh fhiú €52,901,587 san iomlán iad (gan CBL san áireamh) mar atá leagtha amach thíos.

- Bhain aon chonradh is fiche dar luach €52,806,989 le soláthar seirbhísí cóiríochta idirnáisiúnta um chosaint.
- Bhain conradh amháin dar luach €94,598 leis na bogearraí agus leis an tacaíocht do chóras bainistíochta airgeadais na Roinne.

Cuireadh na conarthaí thuas san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

*Bainistíocht conartha*

Le linn na bliana 2024, chuaigh 161 conradh a bhain le lárionaid cóiríochta d'arratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta, a raibh thart ar 14,000 iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta ag fanacht iontu, as feidhm.

Chun leanúnachas seirbhísí a chinntiú, lean na lárionaid seo ag soláthar seirbhísí de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a bhí sna conartha, agus lean an Roinn ag déanamh íocaíochtaí ag na rátaí céanna a bhí sna conartha.

Na conartha d'imigh as feidhm, bhí siad ag céimeanna éagsúla sa phróiseas athnuachana, próiséas a raibh foireann speisialaithe conartha á bhainistiú. Dháil an Roinn acmhainní breise do bhainistíocht conartha a bhain le Cosaint Idirnáisiúnta sa bhliain 2024 chun tabhairt faoi athnuachan na gconartha.

Tuigimid go bhfuil an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce i mbun dul chun cinn i gcónaí ar chonarthaí Cosanta Idirnáisiúnta, a bhfuil deireadh tagtha leo, trí phróisis athnuachana.

*An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht*

In 2024, ba é an tAonad Riaracháin um Chistí sa Roinn an tÚdarás Bainistíochta chun clár náisiúnta na hÉireann a chur i gcrích faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF). Déantar maoiniú AMIF ó Choimisiún an AE a scaoileadh sna cuntais trí leithreasaí i gcabhair a luaithe a mheastar é a bheith cinnte. Amhail an 31 Nollaig 2024, ba é €34.48 milliún iarmhéid na gcistí a fuarthas ach nár scaoileadh. Bhíothas ag súil go dtabharfaí €13.9 milliún de seo ar ais chuig an gCoimisiún Eorpach. Is ionann é sin agus €13.5 milliún do Dheontas Cóiríochta Éigeandála agus €400,000 do Thionscadal CAPS-EU, a tugadh ar ais in 2025.

I mí an Mheithimh 2020, bhronn an AE deontas €13.5 milliún ar Éirinn chun cóiríocht éigeandála a chur ar fáil do dhaoine a bhí ag teacht isteach sa stát agus a bhí ag lorg cosaint idirnáisiúnta ach nárbh fhéidir cóiríocht a chur ar fáil dóibh laistigh den phunann chóiríochta a bhí ann cheana. Bronnadh an deontas sin go díreach, agus ní raibh sé mar chuid de chlár náisiúnta AMIF na hÉireann. Éilíodh agus íocadh méid iomlán an deontais leis an Roinn i ndiaidh di glacadh le feidhmeanna áirithe a aistríodh i ndeireadh 2020, agus sealbhaíodh i gcuntas fionraí é.

I dtuarascáil sa bhliain 2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ina dhiaidh sin, áfach, sainaithníodh saincheisteanna maidir le cóiríocht éigeandála a sholáthar, agus moladh méid an deontais a íocadh a aisghabháil ina iomláine. Tá an moladh sin á mheas ag Coimisiún an AE faoi láthair, agus tá an méid iomlán de € 13.5 milliún á choinneáil i chuntas fionraí go dtí go ndéanfar cinneadh.

I mí na Nollag 2020, bronnadh €460,000 go díreach ar an Roinn i leith thionscadal CAPS-EU, tionscadal a bhfuil mar aidhm aige cláir urraíochta pobail do theifigh a dhréactú, a chur i bhfeidhm, a chothú agus a fhorbairt. Ní raibh sé sin mar chuid de chlár náisiúnta AMIF d'Éirinn. Tá an tionscadal curtha i gcrích, agus tá éileamh caiteachais deiridh na hÉireann dar luach €60,000 formheasta ag an gCoimisiún Eorpach agus tá aisíocaíocht €349,000 iarrtha aige ar thearc-chaitheamh an tionscadail. In 2025, aisíocadh an €349,000 sin chuig an Aontas agus rinneadh íocaíochtaí deiridh do thairbhithe dar ghlanmhéid €51,000.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá creat beartais bainistíochta riosca cuimsitheach i bhfeidhm ag an Roinn. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca maoirseacht ar an riosca. Tá an Coiste faoi chathaoirleacht an Rúnaí Cúnta atá i gceannas ar an Rannán Forbartha Eagraithe agus Straitéise agus

tá ainmnithigh ó gach Rannán eile ann ar leibhéal an Rúnaí Cúnta nó an Phríomhoifigigh. Déanann an Coiste athbhreithniú foirmiúil ar riosca ar bhonn ráithiúil agus ar bhonn míosúil ar leibhéal an aonaid aonair. Cuirtear an Bord Bainistíochta agus an tAire ar an eolas ar bhonn rialta maidir le riosca corparáideach.

Is éard atá i gceist leis an gcóras bainistíochta riosca ná riosca a shainaithint ar fud na Roinne agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a oiread is féidir, iad sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ag tacú leis an gcóras ina sainaithnítear na príomhrioscaí corparáideacha agus leibhéil aonaid atá os comhair na Roinne, agus déantar gach ceann acu a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Sonraítear leis an gclár na rialuithe agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá le déanamh chun riosca a mhaolú agus déanann an Coiste Bainistíochta Riosca athbhreithniú agus nuashonrú air ar bhonn ráithiúil.

Tacaíonn ráiteas inghlacthachta riosca atá i bhfeidhm don Roinn leis an gcóras freisin.

Tá an Roinn sásta rioscaí rialaithe a ghlacadh chun leas a bhaint as deiseanna nua ionas gur féidir léi a cuid freagrachtaí a chomhlíonadh agus bealaí nuálacha a aimsiú chun a cuid cuspóirí a chur chun cinn. Aithníonn sé go n-athraíonn a fonn ar riosca de réir na gníomhaíochta a dhéantar ar fud raon leathan feidhmeanna na Roinne. Ní bheidh aon lamháltas ann maidir le rioscaí (i) a dhéanann difear do chosaint, do shábháilteacht agus do leas leanaí (ii) a mbíonn tionchar acu ar chur i bhfeidhm rialuithe fónta airgeadais nó (iii) a chuireann soláthar ceanglas reachtach nó rialála i mbaol. Tá fonn ardriosca aici maidir le réimsí dár gcuid oibre lena mbaineann (i) seirbhísí nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus (ii) imeachtaí éigeandála nó géarchéime a bhainistiú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh a sainaithníodh.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialuithe airgeadais inmheánacha bunaithe ar obair an Aonaid um Iniúchóireacht Inmheánach agus Iniúchóireacht an AE agus ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a choimeád. Cuireann an Roinn moltaí ó iniúchtaí inmheánacha ar an mbeartas bainistíochta riosca i bhfeidhm go gníomhach. Is mír bhuan ar chlár oibre an Choiste Iniúchóireachta iad na cláir bainistithe riosca agus na cláir riosca.

***Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh***

*Tionchar leanúnach na coinbhleachta san Úcráin ar an Roinn*

Leanadh de chóiríocht éigeandála agus tacaíocht do Thairbhithe de Chosaint Shealadach in 2024, ach bhí an t-éileamh níos ísle ná mar a bhí sna blianta roimhe sin. Ba é ba chúis leis an laghdú ar an éileamh go príomha líon níos ísle daoine a tháinig isteach mar Thairbhithe de Chosaint Shealadach a raibh cóiríocht de dhíth orthu, líon

méadaitheach Thairbhithe de Chosaint Shealadach a d'fhág cóiríocht arna soláthar ag an Stát i bhfabhar maireachtáil neamhspleách agus obair leanúnach na Roinne chun punann cóiríochta Thairbhithe de Chosaint Shealadach a chomhdhlúthú.

Faoi dheireadh 2024, tugadh stádas cosanta sealadaí d'os cionn 113,000 Úcránach in Éirinn ó mhí Feabhra 2022, agus d'iarr os cionn 77% díobh cúnamh le cóiríocht ón Stát. Ag tús 2024, cuireadh cóiríocht ar fáil do bheagnach 59,000 Tairbhí de Chosaint Shealadach i gcóiríocht arna soláthar ag an Stát. Laghdaíodh é sin go dtí thart ar 29,000 Tairbhí de Chosaint Shealadach ag deireadh 2024.

Rinneadh an líon laghdaithe Tairbhithe de Chosaint Shealadach a bhain leas as cóiríocht arna soláthar ag an Stát a fhritháireamh go páirteach tríd an méadú a tháinig ar líon na ndaoine a bhain leas as cóiríocht a soláthraíodh faoin scéim Íocaíocht Aitheantais Cóiríochta. Tháinig méadú ar líon na n-óstach ó thart ar 9,000 óstach a raibh thart ar 20,000 Tairbhí de Chosaint Shealadach i gceist leo ag deireadh 2023 go dtí thart ar 15,000 óstach a raibh beagnach 35,000 Tairbhí de Chosaint Shealadach i gceist leo ag deireadh 2024. Léirigh sé sin treocht Tairbhithe na hÚcráine de Chosaint Shealadach agus iad ag déanamh a mbealach i dtreo maireachtáil neamhspleách.

Áiríodh le feabhsuithe ar rialuithe airgeadais inmheánacha in 2024 córas íocaíochtaí nua a fhorbairt. Cuireadh an méid sin i bhfeidhm go hiomlán faoi mhí Lúnasa 2024 agus bhain níos mó ná 95% de sholáthraithe cóiríochta leas as. D'éascaigh sé sin próiseáil phras de shonraisc, rud a d'fhág gur tháinig laghdú suntasach ar ús ar íocaíocht phras a tháinig chun cinn in 2024.

Leanadh d'obair na foirne comhlíontachta tiomnaithe in 2024. Scrúdaigh an fhoireann comhlíontachta sáruithe amhrasta ar théarmaí conarthacha, lena n-áirítear comhlíonadh airgeadais, comhlíonadh coinníollacha sláinte agus sábháilteachta, úsáid maoine neamhcheadúnaithe, agus caighdeáin chóiríochta, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Chuidigh comhlacht cigireachta leis an obair seo, agus d'oibrigh an fhoireann go dlúth leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, leis na hÚdaráis Áitiúla agus le comhpháirtithe eile.

Thacaigh gnólacht cuntasaíochta, a chuir seirbhísí cuntasaíochta fóiréinseacha ar fáil, leis an bhfoireann comhlíontachta freisin. I gcás inar sainaithníodh gnéithe de neamhchomhlíonadh airgeadais, chuaigh an fhoireann i dteagmháil leis an soláthraí cóiríochta chun an cás a thabhairt chun rialtachta i gcás inar féidir, agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le haisghabháil aon ró-éilimh a sainaithníodh trí phlean aisghabhála a bhunú. Ó mhí Aibreán 2025 amach, fuair an Fhoireann Comhlíontachta €2.4 milliún ar ais i leith ró-éilimh ó sholáthraithe cóiríochta éigeandála Tairbhithe de Chosaint Shealadach i ndáil le seirbhísí a soláthraíodh ó 2022 go 2025. Tá obair ar siúl ag an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce chun ró-éilimh a fhorchúitiú.

Cuireadh rialuithe breise i bhfeidhm in 2024 chun an riosca a bhaineann le ró-éilimh amach anseo a mhaolú, lena n-áirítear 95% de sholáthraithe a ionduchtú ar an gcóras nua íocaíochtaí saincheaptha, lárú na gconarthaí uile ar an gcóras íocaíochtaí, cigireachtaí breise maoine chun comhlíonadh comhaontuithe conarthacha a áirithiú, agus foireann um chomhlíonadh airgeadais a bhunú a dhíríonn ar chásanna rioscabhunaithe. I measc na bhforbairtí eile chun rialuithe a fheabhsú, bhí digitiú clár soláthraithe a nascfadh leis an gcóras íocaíochtaí nua, rud a d'fhág go mbeifí in ann sonraisc a ghiniúint ar bhealach níos éifeachtúla.

Mar gheall ar fhócas leanúnach na Roinne ar a punann cóiríochta a chomhdhlúthú, cuireadh deireadh le breis agus 400 conradh in 2024. Leathnaíodh an beartas comhdhlúthaithe chun rátaí athchaibidlíochta a chur san áireamh, líon na leapacha ar conradh a laghdú agus deireadh a chur le clásail áitíochta íosta a chinnteoidh luach níos

fearr ar airgead agus Maoiniú an Státchiste á chosaint ag an am céanna, de réir mar a laghdaítear an phunann.

Nuashonraíodh clár riosca na Roinne chun an tionchar a bhí ag an gcoimhlint san Úcráin ar an Roinn a léiriú.

*Íocaíochtaí Cosanta Idirnáisiúnta do sholáthraithe cóiríochta*

Aithníodh ró-éilimh de chuid soláthraithe cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta ar feadh tréimhsí éagsúla ón mbliain 2023 amach. An luach a bhí orthu faoi dheireadh na bliana 2024 ná €4.2 milliún, suim a bhain le deich gcás. Tá pleananna forchúitimh i bhfeidhm le haghaidh seacht gcás, tá dhá chás á dtabhairt chun críche agus rinneadh forchúiteamh iomlán ar chás amháin ar thús 2025.

Tháinig athrú ar shocruithe hibrideacha cóiríochta nuair a tháinig laghdú ar an éileamh ó Thairbhithe de Chosaint Shealadach sa bhliain 2024, rud a chruthaigh spás i roinnt lárionad cóiríochta agus a d'fhág go mbeifí in ann cóiríocht a chur ar fáil d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta. Aisghabhadh ró-éilimh dar luach €1.3 milliún i leith na socruithe sin go hiomlán faoi mhí Márta 2025.

I ndiaidh athbhreithnithe, aithníodh coigeartuithe féideartha a bhain le cáin bhreisluacha a gearradh ar chóiríocht éigeandála. Tá an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce ag déanamh athbhreithniú orthu anois.

*Luathbhlianta — comhlíonadh rialacha an chláir*

Le linn bhliain féilire 2024, ina raibh 2 bhliain chláir (2023/24 agus 2024/2025), rinneadh cigireacht ar 1,402 chonradh/leithdháileadh san iomlán le soláthraithe ELC agus SAC.

Is éard atá i bPróifíliú Riosca Cigireachta Comhlíonta (CRISP) ná córas rátála riosca a forbraíodh chun leibhéal riosca na soláthraithe a rátáil, bunaithe ar phríomhathróga amhail torthaí comhlíontachta roimhe seo, luach iomlán an chonartha agus an t-am ón gcigireacht dheireanach. Cuireadh tús leis na chéad chigireachtaí ar sheirbhísí a úsáideann samhail CRISP i mí an Mhárta 2023. In 2024, rinneadh cigireacht ar 47% de sheirbhísí ardriosca agus de sheirbhísí ar údar imní iad de réir CRISP. Tá sé sin i gcomparáid le 3% de na seirbhísí sin in 2023.

Le forbairt agus leabú na samhla samplála sin, soláthraítear dearbhuithe níos mó maidir le hacmhainní comhlíontachta a spriocdhíriú i dtreo cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí is dóichí a mbeidh torthaí neamhchomhlíontacha acu, rud a chuideoidh le cosaint mhaoiniú an státchiste a uasmhéadú.

Maidir le conarthaí/leithdháiltí ELC agus SAC a ndearnadh cigireacht orthu ar an iomlán, bá é 0.66% nó €457,978 an ráta ró-éilimh. I measc na soláthraithe a raibh conradh acu chun an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí a sholáthar, rinneadh iniúchadh ar 478 gconradh. Ba é 1.19%, nó €367,063 an ráta ró-éilimh mar chéatadán den leithdháileadh a ndearnadh cigireacht air. Ba é 2.2 as 23 sheiceáil in aghaidh na seirbhíse an meánlíon torthaí neamhchomhlíontacha. Tá gach ró-éileamh aitheanta faoi réir aisíoc i gcoinne maoinithe amach anseo. Tar éis toradh neamhchomhlíontachta faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, ceanglaítear ar sholáthraithe gníomhaíochtaí ceartúcháin a dhéanamh agus féindearbhuithe maidir le comhlíonadh amach anseo a chur isteach. Rinne 98% de na soláthraithe a ndearnadh cigireacht orthu in 2024 agus a fuarthas amach go raibh siad neamhchomhlíontach na gníomhaíochtaí ceartúcháin is gá. Maidir leis an 2% eile, cuirtear tacaíochtaí saincheaptha ar fáil dóibh sin a bhfuil torthaí móra neamhchomhlíontacha acu, agus gach seirbhís neamhchomhlíontach á meas le haghaidh próifíliú riosca amach anseo faoi chóras CRISP.

Maidir leis an gclár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE), as na 481 chigireacht a rinneadh don bhliain féilire suas go dtí mí na Nollag 2024, fuarthas amach go raibh 14.8% díobh ‘neamhchomhlíontach den chuid is mó’ i gcás ina léiríonn neamhchomhlíonadh mór na saincheisteanna comhlíontachta is mó tábhacht do mhaoiniú an státchiste, lena n-áirítear ceanglais maidir le taifid tinrimh. Ba é 0.14% nó €52,800 an ráta ró-éilimh do ECCE.

Rinneadh iniúchadh ar 339 leithdháileadh san iomlán don tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) Leibhéal 1 (As 2,841, nó 12% de leithdháiltí AIM Leibhéal 1), le ráta comhlíonta 98.2%. Aithníodh ró-éilimh de €10,854 do AIM Leibhéal 1. Tugadh seiceálacha comhlíontachta do AIM Leibhéal 7 isteach freisin i mí na Bealtaine 2024. Rinneadh líon beag seiceálacha tosaigh in 2024, agus rinneadh cigireacht ar 67 leithdháileadh san iomlán. Ar an iomlán, suíodh go raibh 38 acu comhlíontach, agus tuairiscíodh go raibh 25 acu neamhchomhlíontach go mór. I gcás ina bhfaightear amach go bhfuil seirbhísí neamhchomhlíontach, cuirtear deireadh lena gcaipitíocht/maoiniú. Teastaíonn iarratas nua ansin chun seirbhísí a mheas le haghaidh maoinithe amach anseo.

Cuireadh beagnach gach obair fíorúcháin i ndáil le scéimeanna Covid-19 i gcrích in 2024. B'ionann méideanna neamhchomhlíontacha don Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá do Chúram Leanaí (TWSCS), a seachadadh le linn 2020, agus thart ar €464,000 (3.3%), a fuarthas ar ais go hiomlán.  Tar éis moladh iniúchóireachta inmheánaí chun cumhdach samplach a leathnú, rinneadh deich gcigireacht iniúchóireachta bhreise ar an láthair le linn 2024.

Fuair 596 iarratasóir san iomlán maoiniú €4.69 milliún faoin Deontas um Shábháilteacht ó Dhóiteán le linn 2021, agus rinneadh fíorú 100%. Ó mhí Lúnasa 2025 ar aghaidh, tá €784,271 faighte ar ais nó 16.7% de mhéid iomlán an chistithe deontais, agus tá an t-aisíoc ar siúl trí phleananna aisíocaíochta. I measc na gcúiseanna le haisíoc bhí caiteachas a tabhaíodh agus a íocadh lasmuigh den tréimhse incháilitheachta, airgead a caitheadh ar ítimí neamh-incháilithe de réir an chomhaontaithe maoinithe deontais agus airgead nár caitheadh a shainaithint. Chuaigh an deontas Shúgradh Lasmuigh a seachadadh in 2021, chun tairbhe do 3,691 iarratasóir arbh fhiú €4.7 milliún é. Tá 87% de na seiceálacha fíorúcháin críochnaithe (ó mhí Lúnasa 2025) le haghaidh an deontais seo toisc gur leathnaíodh an sampla chun gach iarratasóir a chumhdach. Tá na fíoruithe don Deontas Aerála, arbh í scéim deiridh Covid-19 na Roinne a seachadadh in 2022 í, tugtha chun críche leis an tuarascáil chríochnaitheach a dhréachtaigh Pobal.

Bhí roinnt forbairtí dearfacha ann le linn bhliain féilire 2024. Chomh maith le seiceálacha comhlíontachta do AIM Leibhéal 7 a thabhairt isteach mar a tugadh faoi deara, cuireadh cur chun feidhme mholtaí athbhreithniú Mazars ar shampláil agus cumhdach comhlíontachta i gcrích le méadú ar an gcur chuige comhlíontachta rioscabhunaithe trí úsáid a bhaint as samhail CRISP (féach thuas). Rinneadh sampláil ar an láthair ar thaifid tinrimh agus ar chomhaontuithe tuismitheora a choigeartú freisin chun éifeachtúlacht na cigireachta a fheabhsú.

Tugadh isteach smachtbhanna Creata Comhlíontachta in 2024 le haghaidh seirbhísí atá neamhchomhlíontach go leanúnach. Cuireadh an smachtbhanna atá mar bhonn taca faoin gCreat Comhlíontachta (lena gcumhdaítear trí leibhéal tacaíochta: Leibhéal Tacaíochta Tosaigh, Leibhéal 1, Leibhéal 2) in iúl do Sholáthraithe Seirbhíse agus cuireadh tús le hoibríochtaí iomlána ar an 30 Meán Fómhair 2024. Scaipeadh treoirdhoiciméad inmheánach maidir leis an bpróiseas nua smachtbhannaí ar pháirtithe ábhartha i bPobal agus sna Coistí Contae i gCúram Leanaí, chun cabhrú leis an bpróiseas a chur i bhfeidhm. Is ionann an smachtbhanna agus 6% de leithdháileadh bliantúil Croímhaoinithe soláthraí fhormheasta le linn bhliain an chláir inar eisíodh an toradh neamhchomhlíontach. Tá 80% den smachtbhanna iníoctha nuair a chuirtear

soláthraí ceadaithe ar Leibhéal 2 den Chreat Comhlíontachta ar dtús, agus an 20% eile iníoctha i gcás ina dteipeann ar sheirbhís a neamhchomhlíonadh a chur ina cheart ag deireadh Leibhéal 2. Tá an Roinn ag déanamh monatóireacht ar éifeachtacht an Chreata Comhlíontachta agus ar an smachtbhanna gaolmhar ar bhonn leanúnach. Tá feidhm Croímhaoinithe Comhlíonta ar an láthair le forbairt in 2025.

Ar an iomlán, neartaigh an Roinn a maoirseacht ar fheidhm chomhlíonta Pobal le linn 2024, le hoifigigh na Roinne ag tionlacan Pobal ar 12 chigireacht chomhlíonta, agus ag scáthú fhoireann Pobal ar phróisis chomhlíonta réamhchuairte agus iarchuairte. Tá struchtúr tuairiscithe inmheánach forbartha ag an Roinn chun na cuairteanna sin a dhoiciméadú, atá á úsáid chun cabhrú le bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe leanúnacha ar an bhfeidhm chomhlíonta. Tá 30 Cigireacht Croímhaoinithe ar an Láthair curtha i gcrích mar chuid de scéim phíolótach. Tá an scéim phíolótach ag cur bonn eolais faoi chur i bhfeidhm níos leithne na seiceálacha Croímhaoinithe. Tá siad sin á gcórasú agus tá siad faoi fhorbairt TFC faoi láthair agus tá dáta críochnaithe réidh le haghaidh chigireachtaí mhí na Nollag 2025/Eanáir 2026.

Ag deireadh 2024, thaifead próiseas bainistíochta fiachais Pobal iarmhéid féichiúnaí de thart ar €4.6 milliún i gcoinne gach clár Roinne. Áiríodh leis sin cláir seachas an clár ELC agus SAC a oibríodh an bhliain sin, agus bhain thart ar €3 milliún le tionscadail chaipitil stairiúla ag dul siar go dtí an tréimhse 2000-2010. Tá athbhreithniú déanta ag an Roinn agus ag Pobal ar na fiacha oidhreachta agus tá méideanna sainaitheanta acu ar dóigh dóibh a bheith do-aisghabhála, le hanailís ar na fiacha iomlána do-aisghabhála atá le cur i gcrích. Tabharfar an próiseas bainistíochta fiachais sin chun críche trí nós imeachta socraithe a bhunú chun fiacha a shainaithint agus a láimhseáil sa todhchaí de réir mar a thagann siad chun cinn.

**Kevin McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

26 Meán Fómhair 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 40 Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 40 Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 40 Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh leibhéal ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2024. Bhain sé sin go príomha le soláthar cóiríochta do dhaoine a raibh cosaint idirnáisiúnta á hiarraidh acu.

***Conarthaí na cóiríochta cosanta idirnáisiúnta***

Déantar scrúdú i gCaibidil 10 mo *Thuarascála ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* i gcomhair 2024 ar bhainistiú conarthaí chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á hiarraidh acu.

***Ús agus cúiteamh maidir le híocaíocht phras***

Nochtar i Nóta 6.6 a ghabhann leis an gcuntas gurbh ionann an t-ús agus an cúiteamh de bharr íocaíochtaí prasa a gearradh ar an vóta in 2024 agus €309,000. Is laghdú suntasach an figiúr sin ar an gcaiteachas €3.3 milliún a tabhaíodh in 2023 i dtaca le híocaíochtaí déanacha. Thug an tOifigeach Cuntasaíochta cuntas sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur fhág córas nua íocaíochtaí go bhfuil feabhas curtha ag an Roinn ar thráthúlacht íocaíocht na sonrasc agus gur tháinig laghdú dá réir sin ar an gcostas a bhain le hús agus cúiteamh um íocaíocht phras in 2024.

**Seamus Mac Cárthaigh**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 40 Leanaí, Míchumas & Comhionannas

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Clár tacaíochta leanaí agus teaghlaigh | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,050,291 | | | |
| | *Forlíontach* | 51,844 | | | |
| | | | 1,102,135 | 1,100,684 | 1,074,331 |
| B | Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,207,663 | | | |
| | *Forlíontach* | 50,248 | | | |
| | | | 1,257,911 | 1,237,012 | 1,097,071 |
| C | Clár beartais agus reachtaíochta | | | | |
| | *Bunaidh* | 277,415 | | | |
| | *Forlíontach* | (161,408) | | | |
| | | | 116,007 | 106,685 | 41,096 |
| D | Sochaí chomhionann agus chuimsitheach | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,968,557 | | | |
| | *Forlíontach* | 162,566 | | | |
| | | | 3,131,123 | 3,120,434 | 2,773,345 |
| E | Córas tacaíochta atá cothrom agus éifeachtach do lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,924,229 | | | |
| | *Forlíontach* | 456,750 | | | |
| | | | 2,380,979 | 2,301,366 | 2,159,155 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,428,155 | | | |
| | *Forlíontach* | 560,000 | | | |
| | | | **7,988,155** | **7,866,181** | **7,144,998** |
| *Asbhain* | | | | | |
| F | **Leithreasaí i gCabhair** | | **29,865** | **30,863** | **31,205** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,398,290 | | | |
| | *Forlíontach* | 560,000 | | | |
| | | | **7,958,290** | **7,835,318** | **7,113,793** |

**Barrachas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm faoi dhliteanas le tabhairt suas don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **122,972,205** | **38,750,829** |

**Kevin McCarthy**
Oifigeach Cuntasaíochta
Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

28 Márta 2025

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas Costas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas cláir | | 7,800,066 | 7,095,428 |
| Pá | | 57,407 | 43,808 |
| Neamhphá | | 8,708 | 5,762 |
| **Ollchaiteachas** | | **7,866,181** | **7,144,998** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **30,863** | **31,205** |
| **Glanchaiteachas** | | **7,835,318** | **7,113,793** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (76,428) | | |
| Dímheas | 8,859 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 8 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (3,227) | | |
| Amúchadh | 4,883 | | |
| | | (65,905) | (169,331) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí (nóta 2.4) | 3,442 | | |
| Méadú ar Íocaíochtaí in-aisghabhála | (3,979) | | |
| Méadú ar fhorálacha (nóta 2.6) | 2,405 | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe (nóta 2.7) | 7,065 | | |
| | | 8,933 | (143,764) |
| **Caiteachas díreach** | | **7,778,346** | **6,800,698** |
| **Caiteachas a iompraítear in áiteanna eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 8,857 | 8,752 |
| **Glanchostas cláir** | | **7,787,203** | **6,809,450** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 40 a iompraítear in áit eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 41 | 40 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,559 | 3,276 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,370 | 3,770 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 111 | 98 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 257 | 231 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 1,439 | 1,260 |
| An Príomh-Chiste - pinsin aireachta | | 80 | 77 |
| | | **8,857** | **8,752** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 328,614 | 261,053 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 6,576 | 8,232 |
| | | **335,190** | **269,285** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 36,134 | 35,913 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 50,392 | 53,834 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 18,377 | 10,808 |
| Íocaíochtaí in-aisghabhála | | 3,979 | — |
| | | **108,882** | **100,555** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Forálacha | 2.6 | 2,405 | — |
| Costais fhabhraithe | 2.7 | 46,304 | 39,239 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.8 | 6,071 | 11,565 |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | 2.9 | 34,477 | 32,379 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.10 | 13,963 | 2,777 |
| | | **103,220** | **85,960** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **5,662** | **14,595** |
| **Glansócmhainní** | | **340,852** | **283,880** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.11 | **340,852** | **283,880** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

| | Talamh agus foirgnimh [a] | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt [b] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| amhail an 1 Eanáir 2024 | 81,571 | 60 | 242 | 189,671 | 271,544 |
| Breiseanna | 4,794 | 49 | 1,727 | 69,858 | 76,428 |
| Aistriú | 232,676 | — | — | (232,676) | — |
| Diúscairtí | — | (36) | — | — | (36) |
| amhail an 31 Nollaig 2024 | 319,041 | 73 | 1,969 | 26,853 | 347,936 |
| | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| amhail an 1 Eanáir 2024 | 10,358 | 52 | 81 | — | 10,491 |
| Dímheas don bhliain | 8,654 | 10 | 195 | — | 8,859 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (28) | — | — | (28) |
| amhail an 31 Nollaig 2024 | 19,012 | 34 | 276 | — | 19,322 |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **300,029** | **39** | **1,693** | **26,853** | **328,614** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 71,213 | 8 | 161 | 189,671 | 261,053 |

Notaí [a] Tailte agus foirgnimh áirithe faoi úinéireacht an t-Aire nach bhfuil luachálacha leagtha amach acu in Aguisín A.

[b] Cuimsíonn sócmhainní atá á bhforbairt caiteachas a bhaineann leis an gClár Tithíochta Mearthógála agus leis an gClár Tithe Modúlacha.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Sócmhainní atá á bhforbairt [a] | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 20,736 | 1,348 | 22,084 |
| Breiseanna | 2,561 | 666 | 3,227 |
| Aistrithe | 1,119 | (1,119) | — |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 24,416 | 895 | 25,311 |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 13,852 | — | 13,852 |
| Amúchadh | 4,883 | — | 4,883 |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | 18,735 | — | 18,735 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **5,681** | **895** | **6,576** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 6,884 | 1,348 | 8,232 |

Nóta a Is éard atá i sócmhainní doláimhsithe atá á bhforbairt go príomha ná caiteachas a bhaineann leis an gCóras do Bhainistíocht ar Chaidreamh le Custaiméirí um an Ardán Luathbhlianta a d'fhorbair Pobal.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| Amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna PMG | 19,485 | (16,191) |
| Iarmhéideanna bainc eile | 16,649 | 52,104 |
| | **36,134** | **35,913** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| Amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Costais lucht iarrtha ar cosaint idirnáisiúnta | 26,532 | 33,791 |
| Pobal | 21,904 | 18,267 |
| Riarachán/oibríochtúil | 1,692 | 339 |
| Taighde | 120 | 500 |
| Cóiríocht d'Úcránaigh agus caiteachas gaolmhar áirithe | 80 | 770 |
| Cláir cúraim leanaí | 46 | 151 |
| Caiteachas a bhaineann le míchumas | 18 | 16 |
| | **50,392** | **53,834** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| Amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Scéim aitheantais na hÚcráine | 15,736 | 10,285 |
| Míreanna fionraí dochair eile | 2,440 | 384 |
| Tuarastail in-aisíoctha | 122 | 139 |
| Airleacain chuig OPW | 79 | — |
| | **18,377** | **10,808** |

## 2.6 Forálacha

| Amhail an 31 Nollaig | **2024** |
|---|---|
| | **€000** |
| Imeachtaí dlíthiúla | **2,405** |
| Dliteanais reatha | 2,405 |
| Dliteanais neamhreatha | — |
| **Iomlán** | **2,405** |

Gluaiseacht do gach aicme soláthair mar seo a leanas

| | **Imeachtaí dlíthiúla** | **Iomlán** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Iarmhéid tosaigh** | — | — |
| Foráil bhreise déanta | 2,405 | 2,405 |
| Méideanna a úsáideadh | — | — |
| Méideanna neamhúsáidte aisiompaithe | — | — |
| Leachtú lascainí | — | — |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **2,405** | **2,405** |

## 2.7 Costais fhabhraithe

| Amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais lucht iarrtha ar cosaint idirnáisiúnta | 27,125 | 15,880 |
| Cóiríocht d'Úcránaigh agus caiteachas gaolmhar áirithe | 14,181 | 21,299 |
| Fabhruithe a bhaineann le párolla | 3,137 | — |
| Fabhruithe cláir eile | 1,011 | 789 |
| Riarachán/oibríochtúil | 518 | 652 |
| Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach | 316 | 589 |
| Caiteachas a bhaineann le míchumas | 16 | 30 |
| | **46,304** | **39,239** |

## 2.8 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| Amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,046 | 878 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 865 | 694 |
| Cáin bhreisluacha | 597 | 139 |
| Cáin iarchoimeádta ar sheirbhísí gairmiúla | 539 | 230 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 204 | 177 |
| Cáin ar aisíoc aoisliúntais | 16 | — |
| Cáin mhaoine áitiúil | 7 | 6 |
| Eile | 2 | — |
| Cáin conarthaí iomchuí | — | 850 |
| | 3,276 | 2,974 |
| Cistí atá dlite don OPW | — | 7,023 |
| Fáltais bhreise ón státchiste | 1,446 | 352 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 1,349 | 1,216 |
| | **6,071** | **11,565** |

## 2.9 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fáltais an AE | **34,477** | **32,379** |

## 2.10 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 122,972 | 38,751 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (109,009) | (35,974) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **13,963** | **2,777** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 36,134 | 35,913 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 18,377 | 10,808 |
| | 54,511 | 46,721 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (3,276) | (2,974) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (2,795) | (8,591) |
| An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | (34,477) | (32,379) |
| | (40,548) | (43,944) |
| | **13,963** | **2,777** |

## 2.11 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 283,880 | (28,810) |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 7,958,290 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (122,972) | | |
| Glanvóta | | | 7,835,318 | 7,113,793 |
| Caiteachas a iompraítear in áiteanna eile | 1.1 | | 8,857 | 8,752 |
| Coigeartú | 2.1 | | — | (405) |
| Glanchostas cláir | 1 | | (7,787,203) | (6,809,450) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **340,852** | **283,880** |

## 2.12 Gealltanais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **a) Gealltanais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| amhail an 31 Nollaig | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí [a] | 110 | 161 |
| Caipitil [b] | 31,440 | 49,626 |
| Cláir deontais neamhchaipitil [a,c] | 50,478 | 113,294 |
| **Iomlán na ngealltanas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **82,028** | **163,081** |

Nótaí

a Tar éis treoir a fháil maidir le gealltanais ó Chuntasaíocht an Rialtais, lena n-áirítear Ciorclán 20 2024 Ceanglais maidir le Cuntais Leithreasa 2024, rinneadh coigeartú ar na figiúirí comparáideacha maidir le soláthar earraí agus seirbhísí agus maidir le cláir deontas neamhchaipitil.

b Mar gheall ar íogaireacht tráchtála, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar chaiteachas poiblí, ní nochtar an gealltanas a bhaineann leis an Lárionad Náisiúnta um Thaighde agus um Chuimhneachán.

c Baineann an laghdú ar chláir deontas neamhchaipitiúil leis an Íocaíocht Aitheantais Cóiríochta. Bhí deireadh le teacht leis an scéim ar an 31 Márta 2025, níor tugadh síneadh breise le hOrdú Aireachta chun críche an 31 Nollaig 2024.

**b) Tionscadail chaipitil mhóra**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caiteachas in 2024 | Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Saolré chaiteachais iomlán lena bhfuiltear ag súil do thionscadal 2024 | Saolré chaiteachais iomlán lena bhfuiltear ag súil do thionscadal 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| An Clár Mearthógála | 187,774 | 66,086 | 31,440 | 285,300 | 237,400 |

Nóta

Tá athrú tagtha ar an gcaiteachas iomlán lena bhuiltear ag súil, rud a léiríonn an méadú atá tagtha ar chostais chun an tionscadal a thabhairt chun críche mar gheall ar dhúshláin eacnamaíochta agus a dheacra is atá sé barainneacht scála a rabhthas ag súil léi a bhaint amach.

## 2.13 Léas Oibriúcháin

| Amhail an 31 Nollaig | **2024** |
| --- | --- |
| | **€000** |
| Speansas léasa oibriúcháin in aghaidh na bliana | **46,316** |

Nóta a Níl aon chíosanna teagmhasacha iníoctha ná íocaíochtaí foléasa infhála.

| | |
| --- | --- |
| Is iad seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta comhiomlána a bheidh le híoc amach anseo faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe. | |
| Laistigh de bhliain amháin | — |
| Idir 1 bhliain agus 5 bliana | — |
| Níos déanaí ná 5 bliana | — |
| **Iomlán na ngealltanas maidir le léas oibriúcháin neamh-inchealaithe** | **—** |

## 2.14 Dliteanais aibithe

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Meastacháin ar dhliteanais aibithe nár íocadh ag deireadh na bliana | **13,516** | **4,374** |

## 2.15 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt cásanna dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá méideanna agus amlíne aon dliteanas éiginnte. Maidir le cásanna dlí ina ndearnadh cinntí, a bhfuil dliteanas inchainníochtaithe mar thoradh orthu, nochtar méid na ndliteanas sa nóta 2.6 Forálacha.

Tá Ionad Comhdhála Chathair an Iarthair ar léas ag an Roinn. Faoin gcomhaontú seo tá an Roinn faoi dhliteanas táille chúitimh a íoc as costais imeachtaí sceidealta nach bhféadfadh dul ar aghaidh mar gheall ar an úsáid a bhaineann sí as an bhfoirgneamh. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí roinnt imeachtaí den sórt sin ann, níl an dliteanas tugtha chun críche go fóill.

## 2.16 Glacadh CGAS den chéad uair in 2024

Cuireadh naoi Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir CGAS nua i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2024. Anseo a leanas na an tionchar a raibh acu ar an maoiniú stáit.

| Amhail an 31 Nollaig | **2024** |
|---|---|
| | **€000** |
| Forálacha [a] | (2,405) |
| Fabhruithe saoire [b] | (1,193) |
| Fabhruithe párolla [b] | (1,944) |
| | **(5,542)** |

Nóta [a] CGAS 19 Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha

[b] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos cionroinnte trasna na gclár, chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Bunaidh* | 59,803 | | | |
| | *Forlíontach* | (591) | | | |
| | | | 59,212 | 57,407 | 43,808 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | |
| | *Bunaidh* | 615 | | | |
| | *Forlíontach* | 150 | | | |
| | | | 765 | 699 | 522 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | | | |
| | *Bunaidh* | 710 | | | |
| | *Forlíontach* | 324 | | | |
| | | | 1,034 | 859 | 404 |
| iv | Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,191 | | | |
| | *Forlíontach* | 402 | | | |
| | | | 3,593 | 2,603 | 1,524 |
| v | Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,232 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,178 | | | |
| | | | 2,410 | 2,542 | 1,584 |
| vi | Costais áitribh | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,346 | | | |
| | *Forlíontach* | (112) | | | |
| | | | 2,234 | 1,821 | 1,448 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleachta agus taighde | | | | |
| | *Bunaidh* | 805 | | | |
| | *Forlíontach* | (45) | | | |
| | | | 760 | 184 | 280 |
| | | | **70,008** | **66,115** | **49,570** |

Nóta a Athraíodh anailís ar fho-cheannteidil riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fo-cheannteidil a nuachóiriú ar fud cuntas vótáilte. Rinneadh athanailís ar fhigiúirí comparáideacha na bliana roimhe sin chun an struchtúr nua a léiriú.

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach sa nóta seo na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin.

**v Infheistíocht chaipitil dhigiteach agus speansais TF**

*Soláthar sna meastacháin €1.2 milliún; Olltoradh €2.5 milliún*

Tharla an róchaitheamh de €1.3 milliún go príomha mar gheall ar chostais TF a bhain leis an líon foirne méadaithe sa Roinn, mar aon le costais mhéadaithe forbartha TF agus tionscadail imirce.

**vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairleachta agus taighde**

*Soláthar sna meastacháin €805,000; Olltoradh* €184,000

Bhí an tearc-chaitheamh €621,000 ann mar gheall ar chostais a bhain le bainistíocht taifead agus cosaint sonraí a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, gníomhaíochtaí bainistíochta tionscadail pleanáilte a chur siar agus speansas dlíthiúil a aithint i bhfo-cheannteideal D.11 a ndearnadh foráil dó ar dtús i gcaiteachas riaracháin.

## Clár A Tacaíocht leanaí agus teaghlaigh

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 7,178 | | | |
| | *Forlíontach* | (118) | | | |
| | | | 7,060 | 6,889 | 7,884 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,069 | | | |
| | *Forlíontach* | 226 | | | |
| | | | 1,295 | 1,045 | 1,037 |
| A.3 | An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,011,148 | | | |
| | *Forlíontach* | 52,000 | | | |
| | | | 1,063,148 | 1,063,148 | 1,001,151 |
| A.4 | Ceartas óige – lena n-áirítear Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | | | | |
| | *Bunaidh* | 30,690 | | | |
| | *Forlíontach* | (264) | | | |
| | | | 30,426 | 29,538 | 27,380 |
| A.5 | Oifig Feidhmiúcháin Caomhnóra ad Litem | | 205 | 64 | 45 |
| A.6 | Tacaíochtaí a bhaineann le Covid ón nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | | 1 | — | — |
| - | *Seirbhísí chun tacú le híospartaigh foréigin teaghlaigh, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe* | | — | — | 36,834 |
| | | | **1,102,135** | **1,100,684** | **1,074,331** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán bhí an caiteachas maidir le Clár A €50 milliún ní b’airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**A.3 An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**

*Soláthar sna meastacháin €1.011 billiún; olltoradh €1.063 billiún*

Ba é an t-éileamh ard ar shocrúcháin chúraim chónaithe, go háirithe socrúcháin aon-áitíochta agus dé-áitíochta agus socruithe speisialta éigeandála, ba chúis leis an róchaitheamh de €52 mhilliún den chuid is mó. Ina theannta sin, bhí róchaitheamh ar sheirbhísí cónaithe do dhaoine faoi mhíchumas mar gheall ar easnamh maoinithe FSS, ar chúram altrama príobháideach mar gheall ar leibhéal níos airde socrúchán ná mar a bhí buiséadaithe, agus ar sheirbhísí Chaomhnóir ad Litem. Bhí róchaitheamh ann freisin chun an íocaíocht dhúbailte liúntais cúraim altrama a chumhdach in 2024 mar a fógraíodh i mBuiséad 2025.

**A.5 Oifig Feidhmiúcháin Caomhnóra ad Litem**

*Soláthar sna meastacháin €205,000; olltoradh €64,000*

Tharla an tearc-chaitheamh €141,000 go príomha mar gheall ar chostais réamh-mheasta nach raibh ag teacht chun cinn in 2024, lena n-áirítear costais a bhaineann le seirbhísí comhairliúcháin, a bhaineann leis an Stiúrthóir nó leis an bPríomhchaomhnóir ad litem a fhostú don tseirbhís agus iad sin a bhaineann leis na costais nuathionscanta don tseirbhís in 2024.

## Clár B Cláir earnála do leanaí agus do dhaoine óga

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 10,765 | | | |
| | *Forlíontach* | (118) | | | |
| | | | 10,647 | 10,333 | 10,076 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,602 | | | |
| | *Forlíontach* | 342 | | | |
| | | | 1,944 | 1,567 | 1,326 |
| B.3 | Cláir réamhscoile ECCE agus AIM | | | | |
| | *Bunaidh* | 313,639 | | | |
| | *Forlíontach* | 11,972 | | | |
| | | | 325,611 | 326,010 | 315,518 |
| B.4 | An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir cúraim leanaí eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 376,076 | | | |
| | *Forlíontach* | 55,110 | | | |
| | | | 431,186 | 418,627 | 342,600 |
| B.5 | Cláir cúraim leanaí: tacaíochtaí seachadta agus tionscnaimh eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 418,932 | | | |
| | *Forlíontach* | (17,508) | | | |
| | | | 401,424 | 394,975 | 344,634 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 77,948 | | | |
| | *Forlíontach* | 450 | | | |
| | | | 78,398 | 77,221 | 74,808 |
| B.7 | Éire Ildánach | | 177 | 177 | 149 |
| B.8 | Bearta maidir le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (Cuntais Dhíomhaoine maoinithe) | | 7,397 | 6,976 | 7,476 |
| B.9 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | | 1,126 | 1,126 | 484 |
| B.10 | Tacaíochtaí Covid d’Fhoghlaim agus Cúram na Luath-Óige/do Chúram Leanaí ar Aois Scoile | | 1 | — | — |
| | | | **1,257,911** | **1,237,012** | **1,097,071** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán bhí an caiteachas maidir le Clár B €29 milliún ní b’airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**B.4 An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir cúraim leanaí eile**

*Soláthar sna meastacháin €376.1 milliún; olltoradh €418.6 milliún*

Ba é an t-éileamh méadaithe ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí ba chúis leis an róchaitheamh de €42.5 milliún. D’imir fás clárúcháin tionchar ar chostais na scéime ag ráta níos airde agus níos luaithe sa bhliain ná mar a bhíothas ag súil leis.

**B.5 Cláir cúraim leanaí: tacaíochtaí seachadta agus tionscnaimh eile**

*Soláthar sna meastacháin €418.9 milliún; olltoradh €395 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh €23.9 milliún go príomha mar gheall ar thearc-chaitheamh i Scéim Leathnaithe na mBloc Tógála agus sa Chlár Caipitil Inbhuanaitheachta. Bhí tearc-chaitheamh i gCroímhaoiniú ann freisin.

**B.8 Bearta maidir le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (Cuntais Dhíomhaoine maoinithe)**

*Soláthar sna meastacháin €7.397 milliún; olltoradh €6.976 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh de €421,000 go príomha mar gheall ar chealú tionscnamh a maoiníodh faoi scéim na gCuntas Díomhaoin.

## Clár C Beartas agus reachtaíocht

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán − pá | | | | |
| | *Bunaidh* | 13,754 | | | |
| | *Forlíontach* | (118) | | | |
| | | | 13,636 | 13,204 | 13,143 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,046 | | | |
| | *Forlíontach* | 437 | | | |
| | | | 2,483 | 2,003 | 1,728 |
| C.3 | Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha | | 539 | 52 | 101 |
| C.4 | Taighde, sonraí agus anailísíocht | | 2,107 | 1,893 | 1,135 |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | | 11,588 | 10,452 | 11,203 |
| C.6 | Údarás Uchtála na hÉireann | | 8,581 | 7,332 | 7,348 |
| C.7 | Oifig an Ombudsman do Leanaí | | 4,317 | 4,032 | 3,900 |
| C.8 | Freagairt ar oidhreacht Institiúidí Máithreacha agus Naíonán | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,183 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,144) | | | |
| | | | 6,039 | 4,415 | 1,322 |
| C.9 | Scéim Íocaíochta um Institiúidí Máithreacha agus Naíonán | | | | |
| | *Bunaidh* | 225,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (158,583) | | | |
| | | | 66,417 | 63,119 | 995 |
| C.10 | Ciste Magdalen | | 300 | 183 | 221 |
| | | | **116,007** | **106,685** | **41,096** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár C €171 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**C.3 Táillí dlí agus socraíochtaí ilghnéitheacha**

*Soláthar sna meastacháin €539,000; olltoradh €52,000*

Bhí an tearc-chaitheamh de €487,000 ann mar gheall ar an deacracht bhunúsach a bhain le dóchúlacht agus méid na dtáillí agus na gcostas dlí a thuar.

**C.4 Taighde, sonraí agus anailísíocht**

*Soláthar sna meastacháin €2.107 milliún; olltoradh €1.893 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh de €214,000 ann go príomha mar gheall ar chur siar taighde Staidéar Fadtéarmach na hÉireann ar Aosú ('TILDA') faoi LADTI agus Aosú mar gheall ar fhadhbanna foinsithe. Níor úsáideadh leithdháileadh cistí le haghaidh tuilleadh tionscnamh taighde toisc gur theip ar na tionscadail sin critéir maidir le luach ar airgead a chomhlíonadh.

**C.5 Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile**

*Soláthar sna meastacháin €11.59 milliún; olltoradh €10.45 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh de €1.14 milliún go príomha mar gheall ar choigilteas ar chostais conraitheoirí seachtracha mar gheall ar obair atá á déanamh laistigh den Roinn, chomh maith le moilleanna ar íocaíochtaí deontais le linn na bliana.

**C.6 Údarás Uchtála na hÉireann**

*Soláthar sna meastacháin €8.581 milliún; olltoradh €7.332 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh de €1.25 milliún mar gheall ar roinnt tosca lena n-áirítear costais foirne laghdaithe, moilleanna ar sholáthar a raibh tionchar acu ar thús a chur le tionscadail agus costais dhlíthiúla agus chomhairliúcháin níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo.

**C.7 Oifig an Ombudsman do Leanaí**

*Soláthar sna meastacháin €4.317 milliún; olltoradh €4.032 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh de €285,000 mar gheall ar chostais foirne níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo, i bpáirt mar gheall ar earcaíocht leanúnach d'fholúntais oscailte.

**C.8 Freagairt ar oidhreacht Institiúidí Máithreacha agus Naíonán**

*Soláthar sna meastacháin €9.183 milliún; olltoradh €4.415 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh de €4.768 milliún mar gheall ar an gcéim ullmhúcháin d'idirghabháil Thuama a thóg níos mó ama ná mar a bhíothas ag súil leis, agus rinneadh réamhoibreacha in 2024 agus níor cuireadh tús le hoibreacha iomlána tochailte agus tógála go dtí 2025.

**C.9 Scéim Íocaíochta um Institiúidí Máithreacha agus Naíonán**

*Soláthar sna meastacháin €225 milliún; olltoradh €63 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh de €162 mhilliún mar gheall ar leibhéal níos ísle iarratas ar an scéim íocaíochta ná mar a bhíothas ag súil leis idir an tréimhse nuair a osclaíodh an scéim i mí an Mhárta 2024 agus deireadh na bliana.

**C.10 Ciste Magdalen**

*Soláthar sna meastacháin €300,000; olltoradh €183,000*

Ba é ba chúis leis an tearc-chaitheamh de €117,000 ná go raibh an scéim íocaíochta bunaithe ar éileamh agus, dá bhrí sin, go raibh sé deacair í a thuar in aon bhliain ar leith.

## Clár D Beartas agus reachtaíocht

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Olltoradh** | **Olltoradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| D.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,970 | | | |
| | | *Forlíontach* | (118) | | | |
| | | | | 8,852 | 8,611 | 1,753 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,336 | | | |
| | | *Forlíontach* | 284 | | | |
| | | | | 1,620 | 1,306 | 230 |
| D.3 | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais | | | 6,703 | 6,607 | 5,753 |
| D.4 | Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach | | | 9,214 | 7,807 | 5,492 |
| D.5 | Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta na mban | | | 678 | 678 | 642 |
| D.6 | Tionscnaimh an Lucht Siúil agus na Romach | | | 6,132 | 5,866 | 5,542 |
| D.7 | Gníomhaíocht dhearfach maidir le comhionannas inscne | | | 5,605 | 2,911 | 2,436 |
| D.8 | Tionscnaimh chomhionannais agus LGBTI | | | 1,139 | 1,139 | 1,055 |
| D.9 | Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | | | 9,075 | 9,075 | 8,464 |
| D.10 | Comhionannas míchumais | | | 5,100 | 4,080 | 94 |
| D.11 | Sainseirbhísí Míchumais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,887,562 | | | |
| | | *Forlíontach* | 162,400 | | | |
| | | | | 3,049,962 | 3,050,118 | 2,696,787 |
| D.12 | Sainseirbhísí Míchumais Covid-19 | | | 18,028 | 18,028 | 39,000 |
| D.13 | Coimisiún Imscrúdúcháin Farrelly | | | 1,400 | 589 | 776 |
| D.14 | Cláir mhíchumais agus comhlachtaí rialála | | | 7,245 | 3,260 | 4,975 |
| D.15 | Íocaíochtaí i leith Tailidimíde | | | 370 | 359 | 346 |
| | | | | **3,131,123** | **3,120,434** | **2,773,345** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár D €152 milliún ní b'airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**D.4 Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach**

*Soláthar sna meastacháin €9.214 milliún; olltoradh €7.807 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh de €1.4 milliún go príomha mar gheall ar athlonnuithe níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo i gClár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann, chomh maith le feachtas feasachta poiblí don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais a bheith curtha siar go dtí 2025.

**D.7 Gníomhaíocht dhearfach maidir le comhionannas inscne**

*Soláthar sna meastacháin €5.605 milliún; olltoradh €2.911 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh de €2.7 milliún mar thoradh go príomha ar mhoilleanna maidir le glaonna ar mhaoiniú faoi Chiste Sóisialta na hEorpa (CSTE) chomh maith le moilleanna ar fhorbairt na tairsí don bhearna phá idir na hinscní.

**D.10 Comhionannas míchumais**

*Soláthar sna meastacháin €5.1 milliún; olltoradh €4.08 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh de €1.02 milliún á spreagadh go príomha ag moilleanna i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm straitéisí míchumais, mar gheall ar fhorbairt na Straitéise Náisiúnta Míchumais agus na Straitéise Nuálaíochta Uathachais a thóg níos mó ama ná mar a bhíothas ag súil leis.

**D.11 Sainseirbhísí Míchumais**

*Soláthar sna meastacháin €2.89 milliún; olltoradh €3.05 milliún*

Tharla an róchaitheamh de €163 mhilliún mar gheall ar chostas méadaithe na socrúchán cónaithe mar aon le brúnna ar chostais phá lena n-áirítear an earnáil phoiblí agus comhaontuithe pá S39, agus costais ghníomhaireachta agus ragoibre. Rinneadh vírmint de €156,000 ó fho-cheannteideal D.10 go fo-cheannteideal D.11 chun íocaíocht as speansas táillí dlí na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát a chumasú.

**D.13 Coimisiún Imscrúdúcháin Farrelly**

*Soláthar sna meastacháin €1.4 milliún; olltoradh €589,000*

Tharla an tearc-chaitheamh de €811,000 mar gheall ar laghdú ar chostais riaracháin ghinearálta agus ar amlíne phróiseála costas dlí tríú páirtí.

**D.14 Cláir mhíchumais agus comhlachtaí rialála**

*Soláthar sna meastacháin €7.245 milliún; olltoradh €3.26 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh de €3.985 milliún go príomha mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis i ndáil le tacaíochtaí Tailidimíde, moilleanna ama i ndáil leis an tionscnamh um Theicneolaíocht Chúnta Dhigiteach Create III agus íocaíochtaí leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a bheith níos ísle ná mar a bhí buiséadaithe.

## Clár E Córas tacaíochta atá cothrom agus éifeachtach do lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta

| | | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Olltoradh | Olltoradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán − pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19,136 | | | |
| | | *Forlíontach* | (119) | | | |
| | | | | 19,017 | 18,370 | 10,952 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,846 | | | |
| | | *Forlíontach* | 608 | | | |
| | | | | 3,454 | 2,787 | 1,441 |
| E.3 | An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,786 | | | |
| | | *Forlíontach* | 847 | | | |
| | | | | 3,633 | 3,479 | 1,676 |
| E.4 | Cóiríocht do lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 409,144 | | | |
| | | *Forlíontach* | 674,167 | | | |
| | | | | 1,083,311 | 1,066,315 | 655,361 |
| E.5 | Cóiríocht d'Úcránaigh agus Costais Ghaolmhara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,490,317 | | | |
| | | *Forlíontach* | (218,753) | | | |
| | | | | 1,271,564 | 1,210,415 | 1,489,725 |
| | | | | **2,380,979** | **2,301,366** | **2,159,155** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/-5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár E €377 milliún ní b'airde ná mar a soláthraíodh ar dtús.

**E.3 An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht**

*Soláthar sna meastacháin €2.786 milliún; olltoradh €3.479 milliún*

Tharla an róchaitheamh de €693,000 go príomha mar gheall ar íocaíochtaí tosaigh a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis ar Ghlao 2023 ar Thograí agus ar shean-tionscadail a dhúnadh.

**E.4 Cóiríocht do lucht iarrtha ar chosaint idirnáisiúnta**

*Soláthar sna meastacháin €409 milliún; olltoradh €1.066 billiún*

Tharla an róchaitheamh de €657 milliún mar gheall ar an líon is mó Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta a bhí ag lorg cosanta ón Stát agus an gá le cóiríocht bhreise a thabhairt ar líne le linn 2024. Tá méaduithe suntasacha tagtha ar líon na n-imirceach nua atá ag lorg cóiríocht cosanta idirnáisiúnta in Éirinn, agus tá méadú tagtha ar líon iomlán na ndaoine a tháinig isteach ó 7,244 i mí na Nollag 2021 go dtí 32,702 faoi dheireadh mhí na Nollag 2024.

**E.5 Cóiríocht d'Úcránaigh agus Costais Ghaolmhara**

*Soláthar sna meastacháin €1.49 billiún olltoradh €1.21 billiún*

Is é is cúis leis an tearc-chaitheamh de €280 milliún laghdú ar chostais Cóiríochta Tráchtála, mar gheall ar líon níos ísle daoine a bheith ag teacht isteach mar Thairbhithe de Chosaint Shealadach agus comhdhlúthú leanúnach phunann cóiríochta na hÚcráine. Áirítear ar bheartais chomhdhlúthaithe foirceannadh maoine nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh, rátaí conartha athbhreithnithe agus líon níos ísle leapacha ar conradh. Ar an gcaoi chéanna, tá tearc-chaitheamh i saoráidí agus i seirbhísí eile á spreagadh ag éileamh níos ísle ar chóiríocht.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gCabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastachá in | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach | 9,000 | 10,600 | 12,000 |
| 2 | Scéim aoisliúntais – foireann neamhtheagaisc de Scoileanna Coinneála Leanaí | 650 | 689 | 684 |
| 3 | Scéim aoisliúntais – Údarás Uchtála na hÉireann | — | — | — |
| 4 | Scéim aoisliúntais – Oifig an Ombudsman do Leanaí | — | — | — |
| 5 | Fáltais na gCuntas Díomhaoin | 7,397 | 7,013 | 7,500 |
| 6 | An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 579 | 196 | 849 |
| 7 | Fáltais an AE | 893 | 1,530 | 471 |
| 8 | Fáltais ó ranníocaí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 11,000 | 10,236 | 9,291 |
| 9 | Ilghnéitheach | 346 | 599 | 410 |
| | | **29,865** | **30,863** | **31,205** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasú-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €998,000 níos airde ná mar a tuaradh.

**1 Scéim aoisliúntais – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach**

*Soláthar sna meastacháin €9 milliún; réadaithe €10.6 milliún*

Tharla an méadú €1.6 milliún ar fháltais go príomha mar gheall ar an méadú ar líon na mball foirne de chuid na Gníomhaireachta um Leanaí agus an Teaghlach in 2024, agus mar gheall ar éifeacht na n-incrimintí pá agus na méaduithe pá ó chomhaontuithe san earnáil phoiblí.

**5 Fáltais na gCuntas Díomhaoin**

*Soláthar sna meastacháin €7.397 milliún; réadaithe €7.013 milliún*

Tharla an t-easnamh fáltais de €384,000 go príomha mar gheall ar mhoill agus cealú na dtionscnamh a maoiníodh faoi scéim na gCuntas Díomhaoin.

**6 An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

*Soláthar sna meastacháin €579,000; réadaithe €196,000*

Tharla an t-easnamh fáltais de €383,000 go príomha mar gheall ar éilimh PEACEPLUS a bheith curtha siar go 2025, rud a chuir moill ar chur faoi bhráid an Choimisiúin agus ar shíneadh na bliana cuntasaíochta PEACE IV go dtí mí an Mheithimh 2025, agus an fáltas deiridh á cur siar.

**7 Fáltais an AE**

*Soláthar sna meastacháin €893,000; réadaithe €1.53 milliún*

Scaoiltear fáltais ón Aontas i ndáil le maoiniú AMIF sna cuntais trí leithreasaí-i-gcabhair nuair a mheastar go bhfuil siad cinnte. Mar thoradh air sin, tá sé deacair leibhéal na leithreasaí-i-gcabhair in aon bhliain ar leith a thuar go cruinn.

**8 Fáltais ó ranníocaí aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar sna meastacháin €11 milliún; réadaithe €10.236 milliún*

Bhí an t-easnamh i bhfáltais de €764,000 mar gheall ar fháltais ranníocaíochta aoisliúntais breise níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo ar dtús.

**9 Ilghnéitheach**

*Soláthar sna meastacháin €346,000; réadaithe €599,000*

Tharla an méadú €253,000 go príomha mar gheall ar fháltais ón gcuideachta bainistíochta tithíochta modúlaí maidir le Tairbhithe de Chosaint Shealadach. Áirítear na costais ghaolmhara i bhfo-cheannteideal E.5.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 352 | 505 |
| Coigeartú ar an iarmhéid tosaigh | (1) | (6) |
| Aisíocaíochtaí maoinithe deontais: Pobal | 5,990 | 6,754 |
| Aisíocaíochtaí maoinithe deontais: ETBanna | 1,258 | 374 |
| Eile | 1,019 | 389 |
| Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh | 4 | 75 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (7,176) | (7,739) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **1,446** | **352** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí fostaí lánaimseartha amhail 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Roinn | 982 | 769 |
| Gníomhaireachtaí na Roinne | 5,515 | 5,380 |
| | **6,497** | **6,149** |

### 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 50,582 | 38,979 |
| Liúntais ard-dualgas nó dualgas speisialta nó breise | 161 | 218 |
| Liúntais eile | 139 | 252 |
| Ragobair | 414 | 549 |
| PRSI an fhostóra | 5,043 | 3,717 |
| **Pá iomlán [a]** | **56,339** | **43,715** |

Nóta [a] Dáiltear an figiúr pá iomlán thar fho-cheannteidil A.1, B.1, C.1, D.1 agus E.1.

**Luach saothair bhaill foirne na Gníomhaireachta**

| | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Pá [a] | 339,065 | 321,592 |
| Liúntais ard-dualgas nó dualgas speisialta nó breise | 2,950 | 2,819 |
| Liúntais eile | 1,091 | 1,430 |
| Ragobair | 3,991 | 2,344 |
| PRSI an fhostóra | 35,820 | 32,921 |
| **Pá iomlán** | **382,917** | **361,106** |

Nóta [a] Ní idirbheart airgeadais díreach de chuid na Roinne é caiteachas pá gníomhaireachtaí. Tá tuilleadh eolais maidir le líon na bhfostaithe agus pá i leith ghníomhaireachtaí na Roinne ar fáil ó na ráitis airgeadais bhliantúla ábhartha nó go díreach ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann.

Is iad na gníomhaireachtaí an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA), Údarás Uchtála na hÉireann (AAI), an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (Tusla), Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) agus Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfáltas | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais ard-dualgas nó dualgas speisialta nó breise | 19 | 7 | 32,176 | 25,628 |
| Liúntais eile | 18 | 3 | 49,473 | 69,592 |
| Ragobair | 115 | 16 | 26,572 | 35,745 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 2 | 19,176 | 25,236 |
| **Foireann ghníomhaireachtaí na Roinne** | | | | |
| Liúntais ard-dualgas nó dualgas speisialta nó breise | 526 | 74 | 28,854 | 23,710 |
| Liúntais eile | 467 | — | 9,492 | 30,013 |
| Ragobair | 995 | 124 | 67,906 | 70,866 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 611 | 93 | 34,448 | 36,052 |

## 5.4 Banda pá na Roinne

Tá an líon fostaithe de chuid na Roinne ar thit a gcuid sochar fostaithe iomlán (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; gan PRSI an fhostóra, costais phinsin an fhostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 ó €60,000 suas mar seo a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2024 | 2023 |
| 20,000 | 59,999 | 617 | 425 |
| 60,000 | 69,999 | 64 | 53 |
| 70,000 | 79,999 | 64 | 57 |
| 80,000 | 89,999 | 58 | 51 |
| 90,000 | 99,999 | 25 | 37 |
| 100,000 | 109,999 | 39 | 14 |
| 110,000 | 119,999 | 21 | 15 |
| 120,000 | 129,999 | 11 | 3 |
| 130,000 | 139,999 | 5 | — |
| 140,000 | 149,999 | — | — |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 2 |
| 160,000 | 169,999 | 2 | 3 |
| 170,000 | 179,999 | 4 | 3 |
| 180,000 | 189,999 | 1 | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | — |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | 1 | 1 |

## 5.5 Luach saothair eile

Athfhostaíoch trí státseirbhíseach dhéag a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse ar chostas iomlán €101,634. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir leis na prionsabail den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas sin caiteachas de €42,960 (lena n-áirítear tuarastal, aoisliúntas an fhostaí agus PRSI an fhostóra) maidir le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2024, ar íoc an Roinn a thuarastal. Tá an méid sin san áireamh san fhigiúr do Thuarastail In-aisíoctha laistigh d’iarmhéideanna dochair eile i nóta 2.5.

## 5.6 Ró-Íocaíochtaí párolla

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfáltas** | **2024 €** | **2023 €** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 71 | 95,506 | 84,725 |
| Pleananna téarnaimh i bhfeidhm | 14 | 13,906 | 13,494 |

Aistríodh ceithre phlean aisghabhála ró-íocaíochta i leith triúr, ar luach €1,903, chuig trí roinn Rialtais in 2024.

Nóta [a] Déanann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte na pleananna téarnaimh le haghaidh ró-íocaíochtaí a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú.

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Ba é seo a leanas luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | **2024 €000** | **2023 €000** |
|---|---|---|
| Bunphá | **238** | **238** |

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir arna dtuilleamh le linn na tréimhse. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim aoisliúntais a bhí ann roimh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe, agus ní théann a theidlíochtaí ar shochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Íocaíochtaí le Pobal

De réir bheartas cuntasaíochta na Roinne, gearradh na glanchistí de €1.157 billiún a soláthraíodh do Phobal sa bhliain ar na fo-cheannteidil ábhartha mar atá leagtha amach thíos.

Le linn 2024, thug Pobal cistí arbh fhiú €6.342 milliún san iomlán iad ar ais don Roinn. Cuireadh €5.631 milliún de na cistí a bhain le blianta roimhe sin ar ais chuig an Státchiste mar fháltais bhreise Státchiste (nóta 4.2) agus fuarthas €358,000 i ndeireadh mhí na Nollag 2024 le cur ar ais chuig an Státchiste i 2025.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Fo-cheannteideal** | | | |
| B.3 | Cláir réamhscoile ECCE agus AIM | 323,542 | 313,844 |
| B.4 | An Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí agus cláir cúraim leanaí eile | 418,627 | 342,600 |
| B.5 | Cláir cúraim leanaí: tacaíochtaí seachadta agus tionscnaimh eile | 381,779 | 335,971 |
| B.6 | Eagraíochtaí agus seirbhísí óige (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 15,726 | 14,610 |
| B.8 | Bearta maidir le míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (Cuntais Dhíomhaoine maoinithe) | 308 | 281 |
| C.5 | Creat beartais leanaí agus daoine óga agus cláir eile | 2,581 | 2,429 |
| C.8 | Freagairt ar oidhreacht Institiúidí Máithreacha agus Naíonán | 376 | — |
| E.5 | Cóiríocht d'Úcránaigh agus costais ghaolmhara | 14,092 | 20,590 |
| | **Iomlán íoctha le Pobal** | **1,157,031** | **1,030,325** |

Nóta [a] Riarann Pobal líon mór clár deontais thar ceann na Roinne. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí gealltanais deontais de €21.9 milliún san iomlán ag Pobal a bhain le cláir a riartar thar ceann na Roinne.

## 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais íoctha ag an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh ag | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **Daoine den phobal** | **2024** | **2023** |
| Líon na gcásanna | 30 | 78 | 108 | 75 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 135 | 135 | 203 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/ar son na Roinne | | | | |
| Cúiteamh | 200 | 1,228 | 1,428 | 912 |
| Costais dlí | 112 | 416 | 528 | 215 |
| Costais eile | 47 | 127 | 174 | 159 |
| **2024 Iomlán** | **359** | **1,906** | **2,265** | **1,489** |
| 2023 Iomlán | 525 | 964 | 1,489 | |

Nóta [a] Amhail an 31 Nollaig 2024, chuir an Roinn san áireamh i speansais fhabhraithe, €265,653 (2023: €27,226) is iad sin na costais dlí iomlána gan íoc atá dlite don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

**Costais charnacha na gcásanna a críochnaíodh i 2024**

| | Éilimh ag | | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **Daoine den phobal** | |
| Líon na gcásanna | 12 | 39 | 51 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | — | 48 | 48 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/ar son na Roinne | | | |
| Cúiteamh | 471 | 1,442 | 1,913 |
| Costais dlí | 196 | 411 | 607 |
| Costais eile | 25 | 100 | 125 |
| **Iomlán** | **692** | **2,001** | **2,693** |

## 6.3 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

I mí an Mhárta 2017, bunaíodh coimisiún imscrúdúcháin ar nithe áirithe a bhain le seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus ar nithe gaolmhara. Tugtar cuntas ar chaiteachas an Choimisiúin i bhfo-cheannteideal D.13 de Choimisiún Imscrúdúcháin Farrelly.

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh 2024 | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Coimisiún Imscrúdúcháin Farrelly | 2017 | 8,154 [a] | 589 | 776 |

Nóta [a] Áirítear sa chaiteachas carnach go dtí deireadh 2024 €6.789 milliún a tabhaíodh sa Roinn Sláinte, sular aistríodh feidhm na Sainseirbhísí Míchumais Pobalbhunaithe (SCBDS) chuig an Roinn in 2023.

Beidh costais áirithe a bhaineann leis an gcoimisiún taifeadta i gcostais riaracháin na Roinne.

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Fo-cheannteideal B.6 Tá eagraíochtaí agus seirbhísí óige páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta.

| | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| **Fo-cheannteideal** | | |
| B.6 Eagraíochtaí agus seirbhísí óige | 77,141 | 74,725 |

## 6.5 Maoiniú ón AE

Áirítear leis an olltoradh a thaispeántar i bhFo-cheannteidil B.9, D.4 agus E.3 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí arna gcómhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, ag ESF agus ag AMIF faoi seach.

| | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| **Fo-cheannteideal** | | |
| B.9 – Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas | 1,126 | 484 |
| D.4 – Lánpháirtiú dídeanaithe agus imirceach | 7,807 | 5,492 |
| E.3 – An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht [a] | 3,479 | 1,676 |

Nóta [a] B'ionann caiteachas AMIF don bhliain agus €3.479 milliún. Scaoiltear fáltais ón Aontas i ndáil le maoiniú AMIF isteach sna cuntais trí leithreasaí i gcabhair nuair a mheastar iad a bheith cinnte. Tá iarmhéid na gcistí a fuarthas ach nár scaoileadh isteach sna cuntais le fáil i nóta 2.9.

## 6.6 Ús ar íocaíochtaí déanacha

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis agus cúitimh | **309** | **3,288** |

# Aguisín A

## Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit arna rialú nó arna mbainistiú ag an Roinn nach ndearnadh luachálacha maidir leo.

1. **Talamh agus maoin Bhaile an Oibricigh (Teach na Tríonóide agus Cuan Beag)**

Tá an talamh as a n-oibríonn Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh dílsithe don Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Bhronn na hAithreacha Oblátacha an talamh ar dtús don Roinn Oideachais i 1972. Thóg an Roinn Oideachais na maoin Teach na Tríonóide agus Cuan Beag ar an suíomh.

Aistríodh an talamh, lena n-áirítear na foirgnimh seo, chuig an Roinn Dlí agus Cirt in 2008 agus fuair an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige é ina dhiaidh sin trí aistriú feidhmeanna in 2013.